

hORċANNA, eipistilí, agus

SOISCÉALTA,

AR ĊOIR FÈRÒM A ÌAINȚ ASTU AR FEAD NA  
bLIANA.

¶ TABAIR PAOI O'aire, an ORċA, an eipistil, agus an SOISCÉAL atá  
ceapċa 'don 'Doimnac, so noéanpaio síao ġnó an tseacċain ina  
oiaio; mura ġpuil a malairt 'oe ślil orċaite sa leabhar seo nó  
ceaoaite as an ORċaiteoir.

¶ TABAIR PAOI O'aire, pós, an ORċA atá ceapċa le haġaio ġac 'Doimnaiġ,  
nó le haġaio fēile a ġpuil biġil nó Oíċe Ċinn fēile roimpi, so  
noéanpaar an ORċA sin i Seirbís an tráċnóna arēir roime sin.  
mās ar an luan a ċiteas don fēile a ġpuil biġil nó Oíċe Ċinn  
fēile roimpi, ní ġá ORċA na fēile sin a léam an Saċarn roime,  
ac is ceart í a rá tráċnóna an 'Doimnaiġ, roim ORċA an 'Doimnaiġ  
nó ina oiaio.

¶ NUAIR a ċiteas fēile ar 'Doimnac (taob amuiġ 'oen éao 'Doimnac  
agus 'oen éacċrú 'Doimnac 'oen aroċint, 'oen 'Doimnac 'oéanac  
roim Ċáisc, 'oe 'Doimnac Cáscá, 'oe 'Doimnac Cincise, agus 'oe  
'Doimnac na Tríonóire), is fēioir ORċA agus eipistil agus  
Soiscéal na fēile sin a léam, mās amlaio is toil leis an  
ministir. ac na hORċanna, na heipistilí agus na Soiscéalta  
atá ceapċa 'do éaoaoin na luaitē, o'aoime an éeasta, agus 'do  
lá 'oeascabála, caitear iao a léam ar na laeanta sin i ġcónaí,  
bioo so 'tarlóiois-sean ar don lá le fēilci eile.

AN ÉEAO 'DOIMNAC 'OEN AROċINT.

m. Sm. 50, 98: ísai. 1. 1-20, nó 52. 1-10; eoin 3. 1-21, nó 1  
Teasal. 4. 13- 5. 11.

t. Sm. 96, 97: ísai. 2, nó 1. 18-'oeireao; maċa 24. 1-28, nó  
taisp. 14. 13-15. 4.

AN ORċA.

Δ OIA uilecūmāċetaiġ, tabair 'oe ġrásta  
'oúinn so ġcaitimio 'óinn oibreadā an  
'orċaiois, agus so ġcuirimio orainn caċ-  
ēioe an tsolais, le linn na beaċa saolta seo





nasair na Sàililé. Agus cuaisg Íosa isteach i  
 teampall Dé, agus ruais sé amach a raibh as  
 díol agus as ceannach sa teampall, agus leas  
 sé ar lán boird luict malairte an airgid, agus  
 suíocháin na ndaoine a bhí as díol colm; agus  
 dúirt sé leo, Tá sé scríofa, Sairfear teach  
 urnaite de mo teachsa; ac tá uachais bitiúnach  
 déanta aghaidse de.

### AN DARA DOMHNAÇ DEN AIDHINT.

m. Sm. 119. 1-32: Ísá. 5. nó 30. 8-21; Eoin 5. 19-40, nó 2  
 Peav. 3. 1-14.  
 t. Sm. 46, 47, 48: Ísá. 10. 33-11. 9, nó 11. 10-12 deireadh;  
 Maic 24. 29-deireadh, nó Taisp. 20.

#### AN ORDA.

**A** TIARNA beannaíte, ós dár dteagasc a  
 d'ordaigh tú scríobh gach Naomhscríobh;  
 Deonais go n-éistimid mar seo leo, a léam,  
 a tabairt dár n-aire, a bpoigilim ar ár  
 dteangacha, agus a dtaisceadh inár gcroí, ar  
 nós le poigne agus le portacht ó do bhríochan  
 naora, go bfaigimid greim a beas dainsean  
 docht go deo ar dócas beannaite na beata  
 síoraí atá tugtha agat dúinn inár Slánaiteoir  
 Íosa Críost. Áiméan.

**A** DÍA uilechumáctais, tabair de grásta dúinn  
 go gcaitimid óinn oibreacha an dorcadais,  
 agus go gcuirimid orainn cat-éide an tsolais,  
 le linn na beata saolta seo anois, an t-am  
 mar táimid do Mhac Íosa Críost go pior-umál  
 ar cuairt éagainn; ionas, an lá deireanach,

nuaire a tíoceadh sé arís go soilseach sár-  
 maorga cun breitiúnas a tabairt ar beoda  
 agus ar mairb, go n-éirimid cun síorbeata,  
 tríosean a maireas i ríocht mar don leatsa  
 agus leis an Naomhsiora, anois agus go  
 brách. Áiméan.

### AN EPISTIL.

Róm. 15. 4.

**C**IBÉ ní a scríobhadh roimhe seo is dár dteagasc  
 a scríobhadh é; ar nós le poigne agus le  
 portacht ón Scríobh, go mbeadh dócas againn.  
 Anois go dtugadh Dia na poigne agus na portachta  
 daoibh beir ar don intinn le céile, de réir  
 Íosa Críost: go dtugadh sibse d'aon intinn  
 agus d'aon béal an glóir do Dia, d'áitir  
 ár dTiarna Íosa Críost. Glacaisí mar sin  
 lena céile, mar glac Críost linn, go mba  
 móire glóir Dé é. Deirim anois go raibh Íosa  
 Críost ina ministir timpeallgearrta mar  
 maite le dílseacht Dé, ionas go ndainseadh  
 sé na gealltanais a rinneadh leis na haitheacha:  
 agus ionas go dtugadh na Sinteite glóir do Dia  
 ar son a trócaire; mar tá scríofa, Dá b'í  
 sin beir mé do doimhne i measc na Sinteite,  
 agus seinnfid mé mola do d'ainm. Agus arís  
 deir sé, Bíodh lúcair oraib, a Sinteite, mar  
 don lena pobal. Agus arís, Molaisí an Tiarna,  
 a Sinteite uile, agus móraisí é, a pobail uile.  
 Agus arís, deir Ísáia, Beir bunfreamh ann de  
 lesse, beir an té ann a éireos ina rí os cionn



na nGintlithe; is ann a cuirfeas na Gintlithe a muinín. Anois go líona Dia an bócais sib de gac sult agus síocáin dá mbíonn sa creideamh, go mbí sib lán de bócas, trí cumácht an Spioraid Naomh.

### AN SOISCÉAL.

nín. Lúcas 21. 25.

**A**SGUS beir comarcaí i nGrian, agus i ré, agus i réaltaanna; agus beir anró ar an talamh i measc na náisiún agus mearbhall orthu; poctam farraige agus tuargaint connta; laige croí ar na daoine le heagla, agus le nimní mar gheall ar a bfuil i ndán don saol: óir corrófar cumácta neime. Agus ansin feicfidh siad Mac an Duine ag teacht i néal le cumácht agus le glóir mhór. Agus nuair a tósófar ar na nithe sin, féadfaidh in airde, agus tógfaidh bur gcinn; óir tá bur bfuascailt ag tarraing i nGhar Daoibh. Agus labhair sé samlaíocht eile leo: féadfaidh an crann píse, agus na crainn go léir; nuair a cuireann siad amac a n-uillinn, feiceann sib agus aithníonn sib uaidh féin go bfuil an samrad i bpozas anois. Mar sin daoibhse, nuair a feiceann sib na nithe sin ag teacht éin chéile, bíodh a fios agaidh go bfuil ríocht Dé i bpozas. Deirim libh go fírinneach, ní raicfidh an daine seo ar ceal, go gcomhliontar na nithe sin go léir. Raicfidh neamh agus talamh ar ceal; ach ní raicfidh mo briastrasa ar ceal.

### AN TREAS DOMHNAÍ DEN AITBHINT.

m. Sm. 73: Isá. 25, 1-9, nó 29, 13-Deiréad; Lúcas. 3. 1-17, nó 1. Tim. 1. 12-2. 7.

t. Sm. 75, 76: Isá. 26, nó 28. 1-22; Maic. 25. 1-30, nó Taisp. 21.

### AN ORDA.

**A** TIARNA Íosa Críost, a chuir do teachtaire eugainn le linn do céad teachta éin do bótar a réiteach romat; Deonaidh go ndéana maoir agus ministrí do diadmar-rún do slí a réiteach romat ar an modh céanna; trí croí na n-easumal a iontú ar eagna na bpiréan, ionas ar teacht duit an dtuair éin breic a tabairt ar an domhan, go dtuag tu taitneamh dúinn mar pobal, tusa a maireas i ríocht mar don leis an dtair agus leis an Naomh-Spiorad, don-Dia go deo, trí saol na saol. Áiméan.

**A** DIA Uilecumáctaidh, tabair de grásta dúinn go gcaitimid dinn oibreacha an dorcadais, agus go gcuirimid orainn caí-éide an tsolais, le linn na beata saolta seo anois, an t-am ina dtáinig do Mac Íosa Críost go píor-umal ar éuairt eugainn; ionas, an lá veireanach, nuair a tiocfaidh sé arís go soilseach sár-maorag éin breiciúnas a tabairt ar beoda agus ar mairbh, go n-éirimid éin síorbeata, trídsean a maireas i ríocht mar don leatsa agus leis an Naomh-Spiorad, anois agus go brách. Áiméan.



## AN EIPISTIL.

COIR. 4. 1.

**B**ÍOD AN MEAS AG DUINE ORAINN, A BÍOS AIGE AR MINISTRÍ CRÍOST, AGUS AR MAOIR RÚN-  
DIAHRA DÉ. TAIRIS SIN, AN DUINE ATÁ MA  
MAOR, BÍTEAR AG SÚIL LE DÍLSEACHT A FÁIL UAIRD.  
ACÉ IS RÍBEAG LIOMSA GO DTABARFAD SIBSE  
BREITÍUNAS ORM, NÓ GO DTUGTAÍ BREITÍUNAS  
DADONNA ORM: GO DEIMIN, NÍ TUGAIM BREITÍUNAS  
ORM FÉIN. ÓIR NÍ FEASAC DOM DON NÍ IM ÉADAN  
FÉIN; ACÉ NÍ FÍRÉANAÍOMN SIN MÉ: ÓIR IS É AN  
TIARNA AN TÉ A TUGANN BREITÍUNAS ORM. DÁ  
DRI SIN NÁ TUGAIGÍ BREITÍUNAS I SCUIS AR BIT  
ROIM AN AM, GO DTÍ GO DTAGA AN TIARNA, A  
TABARFAS CUN AN TSOLAIS A BPUIL FOLAITE FAOI  
DORCÁDAS, AGUS A NOCTFAS RÚIN NA SCROÍTE;  
AGUS IS ANSIN A GEODAS GAC DUINE AN MOLAD Ó  
DIA.

## AN SOISCÉAL.

MÍH. MATÉ 11. 2.

**A**SGUS NUAIR A CUALA EGIN, AGUS É SA PRÍOSÚN,  
I DTAOB A NDEARNA CRÍOST, CUIR SÉ UAIR  
BEIRT DÁ DHEISCEABAIL, AGUS DÚIRT LEIS, AN  
TUSA AN TÉ ATÁ LE TEACHT, NÓ AN LE DUINE EILE  
ATÁ SÚIL AGAIMN? AGUS DÚIRT ÍOSA LEO Á  
DHPREAGAIRT, IMÍGÍ AGUS INSÍGÍ DO EGIN NA NÍTE  
A CLUINEANN AGUS A FEICEANN SIB. TÁ RADARE  
AG DAILL AGUS SIÚLANN BACAIG, GLANTAR NA  
LOBAIR, AGUS TÁ ÉISTEACHT AG BODRÁIN, AC-  
DHOITEAR NA MAIRB, AGUS TÁ AN SOISCÉAL Á  
SEANMÓIRIÚ DO NA BOCTA: AGUS IS BEANNAITE AN  
TÉ NAC DPAIGIÓ DBAR SCANNAIL IONAMSA. AGUS

NUAIR A BÍODARSAN AG IMEACHT, TOSAIG ÍOSA AR A  
RÁ LEIS NA SLUAITE I DTAOB EGIN, CAD É A NDEAC-  
AIG SIB AMAC SAN FÁSAC LENA FEICEÁIL? SIOLCAC  
Á LUASCAD LE GACHT? ACÉ CAD É A NDEAC-  
AIG SIB AMAC LENA FEICEÁIL? FEAR AGUS ÉADÁI  
MINE AIR? FÉAC, LUET AN ÉADAG MÍN IS I  
DTITE RÍ A BÍOS SIAD. ACÉ CAD É A NDEAC-  
AIG SIB AMAC LENA FEICEÁIL? FÁIR? IS EA,  
DEIRIM LIB, AGUS DUINE IS MÓ NÁ FÁIR: ÓIR  
IS É SEO AN TÉ A BPUIL SCRÍOFA MA TAOB, FÉAC,  
TÁ MO TEACHTAIRE Á CUR ROIM DO SHÚIS, A RÉITEOS  
DO SLÍ ROMAT.

## AN CEATRÚ DOIMNAC DEN AIODBINT.

M. SM. 11, 12, 13: ÍSÁI. 32. 1-18, NÓ 43. 1-13. LÚCÁS. 1. 26-45,  
NÓ 2 TIM. 3. 14-4. 8.  
C. SM. 94: ÍSÁI. 33. 2-22, NÓ 35; MATÉ 25. 31—DEIREAD, NÓ  
TAISP. 22.

## AN ORDA.

**A**TIARNA, ADAG DO CUMACHT, SUIMIO CÚ AGUS  
TAR ISTEAC INAR MEASC, AGUS FÓIR ORAINN  
GO TREAN; IONAS, CÉ SUR MÓR AN COSC AGUS  
AN CUR CUN DEIRIÓ DÚINN AR SCIONTA AGUS AR  
N-URCÓIO SA RÁS ATÁ ROMANN LE RIT, GO DTUGA  
DO GRÁSTA AGUS DO TRÓCAIRE SAN EASPA PORTACHT  
AGUS FAOISEAM DÚINN GO LUACHT; TRÍ SÁSAM DO  
MÍC AR DTIARNA, A DTUGTAR DÓ, MAR DON  
LEATSA AGUS LEIS AN NAOMSPIONAD, ONÓIR AGUS  
SLÓIR, TRÍ SAOL NA SAOL. ÁIMEÁN.

**A**DIA UILECUMACHTAIG, TABAIR DE GRÁSTA  
DÚINN GO SCATIMIO DÍNN OIBREACA AN  
DORCÁDAS, AGUS GO SCUIRIMIO ORAINN CAT-  
ÉIDE AN TSOLAIS, LE LINN NA BEATA SAOLTA SEO



anois, an t-am ina dtáinig do mhac Íosa Críost go píor-umál ar cuairt éugaim; ionas, an lá deireanach nuair a tiocfaid sé arís go soilseach sármaorga cun breitiúnas a tabairt ar beo-da agus ar mairb, go n-éirímid cun síorbheatha, tríosean a maireas i ríocht mar don leatsa agus leis an Naomspioraí, anois agus go brách. Áiméan.

### AN EPISTIL.

pil. 4. 4.

**C**UIREAD AN TIARNA ádas oraid i gcónaí: agus deirim arís bíod ádas oraid. Aithníod na daoine uile bur stuaim. Is fairid dúinn an Tiarna. Ná bígí immíoc i gcúis ar bit; ac san uile ní, le hurnaí agus le headarguí maraon le haltú, noétaigí bur n-iarratais do Dia. Agus beid síocáin Dé, a sáraios fac tuiscint, as cosaint bur gcroí agus bur n-intinn tríd an gCríost, Íosa.

### AN SOISCÉAL.

nm. eom 1. 19.

**I**S Í seo tuairisc Eoin, nuair a cuir na Siúdaig safairt agus lebhíagí ó Iarúsalem go bpiarf-róidís de, Cé tú féin? Agus d'admaig sé, agus níor séan sé; ac d'admaig sé, ní mise an Críost. Agus d'fíapraíodar de, Cad é atá ionat mar sin? An tú Elías? Agus dúirt sé, Ní mé. An tú an fáid úr? Agus d'fpreagair sé, Ní mé. Dúradar leis ansin, Cé tú féin? Ionas go dtugaimid preagra do na daoine a cuir uachtu sinn. Cad

é doeir tú i do taob féin? Dúirt seisean, Is mé suí an té a glaois san pásach, Déanaigí slí an Tiarna víreac, mar dúirt Esaias, fáid. Agus ba de na fairisínig iad an dream a cuireadh cuige. Agus ceistíodar é, agus dúradar leis, Cad cuige a ndéanann tú baisteadh, mar sin, mura tú an Críost, nó Elías, nó an fáid úr? Dúirt Eoin leo, á bpreagairt, le huisce a déanaim baisteadh: ac tá ina seasam in bur measc an duine nach aithníod daoib; is é a tiocfas i mo dfaid agus a meastar a beir romam, agus nach fiú mé oiread agus iall a broidge a scaoileadh. Tarla an méid sin i mBetabara ar an taob eall den Iornán, mar a raib Eoin as baisteadh.

SAOLÚ AR DTIARNA, NÓ LÁ BREITE CRÍOST DÁ NGAIRTEAR DE SHÁC

### LÁ NOLLAS.

m. sm. 19. 85: ísá. 9. 1-7; lúcas 2. 1-14

t. sm. 110. 132: ísá. 7. 10-14; 1 eom. 4. 7-deireadh.

### AN ORDA.

**A** DIA Uilecumáctag, a tug dúinn d'adon-  
sin mhic, gur glac sé air féin ar nádúr,  
agus gur rugadh é i scothrom an lae seo ó óg  
san smál; Deonagí dúinn, mar a atgineadh  
sinn inár gclann duit féin atá ar oilúint  
agat le do grásta, go raib do Spioraí Naom  
ár n-actnuacaint fac lá; tríosean ár dtiarna  
Íosa Críost, a maireas i ríocht mar don leatsa  
agus leis an Spioraí céanna, donDia go deo,  
trí saol na saol. Áiméan.



## an eipistil.

eab. 1. 1.

**I**S É DÍa, a labhair leis na haitheaca in amanna áirithe agus ar mhodanna éagsúla trí na fáite fadó, a labhair linn sna laetanta veireanaca seo trína Máic, an té a cinn sé ina oibre ar a bfuil ann, agus ar cruaisé sé an cruinne trío; is é sin gile a glóire, atáin a pearsan féin, an té a ceanglaíodh gac ní le céile le briatar a cumacta, a rinne leis féin ár bpeacaí a glanad, agus a shuí síos ina diad sin ar lámh deas na Mórtaeta atá in airoe; a sárais na haingil i bfeabhas, mar a sárais sé iad lena ainm oibreanta. Óir cé de na haingil lena ndúirt sé in am ar bit, is tú mo Máic, is inniu a shin mé tú? agus pós, beir mise im ádair aige, agus beir seisean ina Máic agamsa? agus arís, veir sé, agus é ag tabairt na céatógine istead sa saol, agus tugad aingil Dé go huile aórad dó. agus veir sé, agus é ag tráct ar na haingil, an té déanas spridí dá aingil, agus caor éine dá éimírí. ac is é veir sé leis an Máic, bíonn do rícatóir ann, a DÍa, go saol na saol; is slat fíreantaeta i slat do ríocta: tug tú grá don fíreantaet, agus fuat don urcóir; dá brí sin d'ung DÍa, do DÍa féin, tú le hola na lúcaire os cionn do compánac. agus, is tú, a tiarna, a cuir bun an talaim ar tús; agus is saotar do lámh na neama: raicad síadon as; ac fanann tusa: beir síad go léir á gcaiteam mar éadac; agus beir tú á bfillad mar

brat, agus beirfear á n-átrú: ac bíonn tusa mar an gceanna, agus ní ceipfid ar do blianta.

## an soiscéal.

nm. eoin. 1. 1.

**A**R tús bí an Briatar ann, agus bí an Briatar i bpochair Dé, agus ba é DÍa an Briatar. is é bí ar tús i bpochair Dé. is tríoisean a rinnead an uile ní, agus ina éagsaís ní dearnad don ní dá ndearnad. is ann bí an beata, agus ba é solas na ndaoine an beata. agus lonraíonn an solas sa dorcadhas; agus níor glac an dorcadhas leis. bí fear ann a cuiread ó DÍa, darú ainm Eoin. táinig seisean mar fianaise, go ndéanad sé fianaise i dtaobh an tsolais, go gcreidead gac don neac trío. níorb é féin an solas, ac cuiread é go ndéanad sé fianaise i dtaobh an tsolais. ba é sin an fíorsolas a soilsíos gac uile duine dá dtagann ar an saol. bí sé ar an saol, agus is trío a rinnead an saol, agus níor aithní an saol é. is cun a muintire féin a táinig sé, ac níor glac a muintir féin leis. ac an méir a glac leis, tug sé cumact doib beir ina gclann ag DÍa, is é sin dá gcreideann ina ainm: nac ón bfuil, ná ó toil na colaimne, ná ó toil duine a ginead iad, ac ó DÍa. agus rinnead colaimn den Briatar, agus conaig sé inár measc (agus conaiceamar a glóir, amail glóir don Míic an átar), lán de grásta agus o'fírinne.

¶ is cóir Orta, eipistil agus Soiscéal Lae Nollas a úsáir go ceann sé lá ina diad; ac amáin laetanta a bfuil Orta, eipistil agus Soiscéal eile ceapda ina gcomhair.



iná sòllúnaítear an òmaoineac naora faoi dó in aon Teampall Lá nollas, is féidir an Orda, an Eipistil agus an Soiscéal seo leanas a úsáid an céad uair.

### AN ORDA.

**A** DIA, a cuireas gairdeas orainn le cuimne bliantúil breite o'donmíc Íosa Críost; Deonaiḡ dúinn, de réir mar a glacaimís go náctasac leis mar slánaíteoir, dá réir sin go bfeadaimís gan amhras gan éadócas air nuair a tiocfas sé chugainn ina breiteam orainn, an té a maireas i ríocht mar aon leatsa agus leis an Naomspioraḡ, don-Dia go deo, trí saol na saol. Áiméan.

### an eipistil.

tít. 2. 11.

**O**IR noḡtaḡ do na daoine uile grásta Dé a chugann an slánú leis, as tabairt feasa dúinn, gur ceart dúinn diúltú don urcóir agus do mianca an tsaoil, agus ár mbeata a cáiteam go stuama, píreanta, diaḡanta, ar an saol seo i láthair; agus súil a beir ḡainn leis an dócas beannaite úr, agus le taispeáint glór-mar an Dé móir agus ár slánaíteora Íosa Críost; a tairḡir é féin ar ár son, go gceannód sé ón uile éagóir sinn, agus go nglanfaḡ sé dó féin pobal leis féin, a mbeaḡ teasḡra ortu cun na ndea-oirbreaca.

### AN SOISCÉAL.

nín. maḡa 1. 18.

**I**S mar seo a táinig Íosa Críost ar an saol: ar mbeir dá mháthair Muire luaite le lósaf, aithníoḡ, sular tángadar le céile, go

raib sí torrac ón Spioraḡ Naomh. Ó ba dúine píreanta é lósaf, a fear, agus ó nárb áil leis a maslú go poiblí, bí sé ar intinn aige a cur uair os íseal. Ac feac, tairḡioḡ dó i mbrion-glóir, agus é ar na smaointe sin, aingeal an Tiarna, agus dúirt sé leis, a lósaf, a mic Dáibí, ná bíoḡ eagla ort do bancéile Muire a tabairt cun doncis leat: óir is ón Spioraḡ Naomh a bfuil gafa i mbroinn aici. Agus béarfaḡ sí Mac, agus gairfioḡ tú ÍOSA mar ainm de: óir slánóir sé a pobal óna bpeacáí. (Agus rinneaḡ sin uile, ionas go gcomhlionfaí a ndúirt an Tiarna trí an bfaḡ, á rá, feac, beir Maḡḡean torrac, agus béarfaḡ sí Mac, agus gairfean emmanuel mar ainm de, a ciailaíos go bfuil Dia linn.) Agus iar ndúiseaḡ as a coḡlaḡ do lósaf, rinne sé mar o'ordaiḡ aingeal an Tiarna dó, agus glac sé cuise a bean; agus níor aithníḡ sé i nóg gur rug sí a céadḡin mic: agus chug sé ÍOSA mar ainm air.

### LÁ FÉILE STIOFÁIN.

m. sm. 27: Gen. 4. 1-10; Gnóim. 6.  
t. sm. 119. 17-32; 2 Cron. 24. 17-22; Gnóim. 11. 19-26.

### AN ORDA.

**D**EONAIḡ dúinn, a Tiarna, san uile pian a bíos le fulaingt ḡainn anseo ar talamh mar fianaise ar o'fírinne, go n-amarcaimís gan stad suas ar neamh, agus go bfeicimís trí



CREIDEAMH AN GLÓIR ATÁ lena NOCTA; agus  
BEIT DÁR LÍONAID leis an SPIORAID NAOMH, IONAS  
GO BPOGLAIMIMID AR NGRÁ agus AR MBEANNACT  
A TADHAIRT DO LUCT AR NGÉARLEANÚNA Ó EISEAMLÁIR  
DO CÉAD MÁIRTIRIG NAOMH STÍOPÁIN, A GUIS AR SON  
LUCT A DÚNNARPA CUGATSA, A ÍOSA BEANNAITE,  
A SEASAS AR D'EASLÁIM DÉ AG POIRITINT AR A  
B'FULAINGÍONN AR DO SON, ÓS TUSA AMÁIN AR  
N'IOIRGÚITEOIR agus AR N'ABCOIDE. ÁIMEÁN.

¶ Léipear ina díaró sin ORÉA na NOLLAS, ORÉA ATÁ le RÁ AS SIN  
AMÁC GO D'É AN TIMPEALLGÉARRAÓ.

## an eipistil.

5nóim. 7. 55.

**D**EARC STÍOPÁIN GO GÉAR SUAS AR NEAMH, agus  
é LÁN den SPIORAID NAOMH, agus CONAIC  
sé GLÓIR DÉ, agus ÍOSA ina SEASAMH AR D'EASLÁIM  
DÉ, agus DÚIRT sé, FÉAC, feicim na FLAITIS AR  
OSCAILT, agus MAC an DUINE ina SEASAMH AR  
D'EASLÁIM DÉ. Ansin GÁIR SIADSAN in ARD A  
NGUÉA, agus DÚNADAR A GCUASA, agus CUGADAR  
RUADAR PAOI in ÉINEACT le CÉILE, agus RUADISEADAR  
AS AN GCAÉAIR AMAC É, agus GABADAR DE CLOCA  
AIR: agus LEAG na FINNEITE A MBRAIT AG COSA  
FIR ÓIS D'ARB AINM SAUL. agus GABADAR DE  
CLOCA AR STÍOPÁIN, agus é AG GLAOÉ AR D'IA, agus  
A RÁ, A TÍARNA ÍOSA, GLAC CUGAT MO SPIRÍD.  
agus LIS sé é PÉIN AR A GLÚNA, agus GLAOIG sé  
de GUT ARD, A TÍARNA, ná cuir an PEACA seo  
ina LEIT. agus NUAIR A BÍ AN MÉID SIN RÁITE  
AIGE, TIT A COTLAID AIR.

## AN SOISCÉAL.

nm. mat. 23. 34.

**F**ÉAC, cuirimse CUGAID FÁITE, agus SAOITE,  
agus SCRÍODAITHE; agus MARÓID SIB CUIO  
ACU, agus CÉASPAID SIB CUIO ACU; agus SCIÚR-  
SÁLPÁID SIB CUIO ACU in BUR SIONAGÓGA, agus  
GÉARLEANPAID SIB Ó CACAIR GO CACAIR IAD:  
GO DTAGA ORAID AR DOIRTEAD D'FUIL NA B'FIRÉAN  
AR AN TALAMH, Ó FUIL ÁIBÉIL FÍRÉANTA GO FUIL  
SACAIRIAIS MÍC BARAICIAIS, A MARAIG SIB IOIR  
AN TEAMPALL agus AN ALTÓIR. Is FÍRINNEAC  
DVEIRIM LIB, TIOCPAID NA NÍTE SIN GO HIOMLÁN  
AR AN DÍNE SEO. A IARÚSALEM, A IARÚSALEM, A  
MARAIOS NA FÁITE, agus A GABAS DE CLOCA AR  
A GCUIRTEAR CUGAT; CAO É A MÍNICÍ B'ÁIL  
LIOM DO CLANN A BAILIÚ CUGAM, FÉ MAR BAILIOS  
AN CEARC A HÁL PAOINA SCIAIDÁIN, agus NÁRÚ  
ÁIL LIB É! FÉAC, PÁSPAR BUR DTEAC ina POÉAC  
AGAID. ÓIR DVEIRIM LIB, NÍ FEICID SIB FEASTA  
MÉ GO DVEIRE SIB, IS BEANNAITE AN TÉ A TAGANN  
in AINM AN TÍARNA.

## LÁ EOM SOISCÉALÁI.

m. Sm. 116: ecs. 33. 9-19; eom 13. 21-35.  
t. Sm. 92: 1sá. 6. 1-8; 1 eom 5. 1-12.

## AN ORÉA.

**A** TÍARNA na TRÓCAIRE, ACAINIMID ORT  
GAETE GEALA DO SOLAIS A CAITEAMH ANUAS AR  
D'EAGLAIS, IONAS GO SOILSÍTEAR Í le TEAGASC  
EOM BEANNAITE D'ASPAL agus DO SOISCÉALÁI,  
agus GO SIÚLA SÍ I SOLAS D'FÍRINNE, AR MOD  
GO SROICÉ SÍ AR DVEIREAD SOLAS NA BEATA  
SÍORAÍ; TRÍ ÍOSA CRÍOST AR D'TÍARNA. ÁIMEÁN.



## an eipistil.

I nín. eoin I. 1.

**N**í a b'í ann ó tús, a cualamar, a conaiceamar lenár súile, a ba léir dár n-amarc, agus ar mótaí ag ár láma é, a b'ain le b'riatar na beata (óir noctaó an beata, agus conaiceamar í, agus tugaimir fianaise, agus taispeánaimir daoib an beata síoraí úd, a b'íod leis an ádair, agus a noctaó dúinne); an ní a conaiceamar agus a cualamar, is é atá á insint againn daoib, ionas go raib cumann againn fós linn: agus i b'fírinne is leis an ádair, agus is lena m'ac íosa Críost, atá ár gcumann. Agus tá na n'ite sin á scríob againn eusaib, ionas go raib b'ur lúcháir lán. Is é seo mar sin an teachtairéact a cualamar aise, agus atá á hinsint againn daoib, gur solas Dia, san don doordaoas ann. Má veirimir go mbíonn cumann againn leis, agus sinne ag siúl i doordaoas, is í an b'reas agus ní hí an f'írinne atá á déanam againn: ac má siúlaimir sa solas, mar a bíonn seisean sa solas, bíonn cumann againn le céile, agus bíonn fuil íosa Críost a m'ac ag glanaó saó peaca d'inn. Má veirimir nac b'fuil don peaca orainn, bímir ár meallaó féin, agus níl an f'írinne ionainn. Má doimáimir ár b'peacáí, bíonn seisean com' t'ilis ceart-breataó sin go maite sé ár b'peacáí dúinn, agus go nglana sé an uile éagóir d'inn. Má veirimir nac b'fuil peaca déanta againn, déanamir b'reagaire de féin, agus ní bíonn a b'riatar ionainn.

## an soiscéal.

nín. eoin 21. 19.

**D**úirt íosa le peadar, lean mise. Agus ar iompú do peadar, conaic sé an deisceabal a raib grá ag íosa do á leanúint; an té a sín ina uet ag an suipéar, agus adúirt, a tiarna, cé hé a b'raitheas tú? Nuair a conaic peadar é, dúirt sé le n'íosa, a tiarna, cao é a déanpas an fear seo? Dúirt íosa leis, más toil liom é a fanaó go t'aga mé cao é sin duitse? Lean tusa mise. Cuais an scéal seo amac ansin i measc na mbráit're, nac raib an bás i noán don deisceabal sin: ac ceana ní dúirt íosa leis, níl an bás i noán do, ac, más toil liom é a fanaó go t'aga mé, cao é sin duitse? Is é an deisceabal sin a tugann fianaise i t'aoib na n'ite sin, agus a scríob na n'ite sin: agus is eol dúinn gur f'ior í a fianaise. Agus is iomaí ní eile a rinne íosa, ac dá scríobfaí síos iad go hiomlán, measaim nac mbeaó slí sa doimian féin do na leabair a scríobfaí.

## Lá na leanaí neamhiontaó.

m. Sm. 8: ier. 31. 1-17; maia 18. 1-10.

t. Sm. 124, 131: isái. 49. 14-25; marc. 10. 13-16.

## an orta.

**A** d'ia uilecumáctais, a d'ordais neart as béal naíonán agus leanaí diúil, agus a cuir taóráin beasa do do glóiriú trína mbás; Mill agus marais saó duáilce ionainn, agus



tabair de neart dúinn trí do grásta go nglóirí-  
mí do naomh-dinn le neamhúróio beata agus  
le seasmaíocht creidimh go dtí an bás féin;  
trí Íosa Críost ár dtiarna. Áiméan.

## an eipistol.

2a. sp. 14. 1.

**D'**

féad mé, agus siúro an t-úllan ina seasamh  
ar sluaibh Síóin, agus céad daicead agus  
ceitre míle leis, a raibh dinn a dtar scríofa  
i gclár a n-éadain. Agus cuala mé an glór ó  
neamh, mar glór iomaí uisce, agus mar glór  
toirní móire: agus cuala mé glór cláirseoirí  
as cláirseoiread ar a gcláirseada: agus iad  
as canad mar beaí amhrán úrnu os coinne  
na rícatadóiread, agus os coinne na gceitre  
n-ainmíte, agus na seanóirí; agus ní féadfaid  
tuine an t-amhrán úr a foghlaim ac an céad  
daicead agus ceitre míle a fuasclaíod ar an  
talamh. Is iad nár truaillíod le mná; óir is óga  
iad. Is iad a leanas an t-úllan cibé áit a dtéann  
sé. Is iad a fuasclaíod as measc na ndaoine,  
agus atá ina gcéad torcáí do D'ia agus don  
úllan. Agus ní bfuarcas cealg ina mbéal: óir  
tá siad gan aineam os coinne rícatadóiread Dé.

## an soiscéal.

11m. mat. 2. 13.

**T**aibríod ainseal an tiarna i mbrionglóirí  
do Íosaf, agus dúirt sé, éirí, beir leat  
an leanb agus a mátaí, agus éalaí do

Éigipt, agus fan ansin go dtuag mé an focal  
duit: óir is amlaibh beidh loruad ar lorg an  
linb cun a millte. Agus d'éirí seisean,  
agus tóg sé an leanb agus a mátaí san oíche,  
agus d'imig sé cun na hÉigipte; agus bí sé  
ansin go bás loruad: go gcomhlónfaí an focal  
adúirt an tiarna trí an bpáir, á rá, is as an  
Éigipt a ghlaois mé mo mac. Ansin nuair a  
donaic loruad gur meall na draoite é, bí sé le  
cutad, agus cuir sé amad, agus maraig sé a  
raib de clann mac dá blian nó faoina bun i  
mBetelehem, agus sa dúice a bain léi, de réir an  
ama a bfuair sé paisnéis go beaí air ó na  
draoite. Ansin comhlónad na briatra adúirt  
Ieremias an páir, á rá, Cualaías gur i Ráma,  
mairgnead agus sol agus mórcóinead, Rachel  
as cóinead a clainne, agus níorb áil léi  
sólás a glacad, siocair gan iad beir ar páil.

## an domhnac tar éis lae nollaí.

m. sm. 145, 150: Isái. 49. 1-11, nó 65. 17—veiread; Lúcas 2.  
22-40, nó col. 1. 1-20.  
t. sm. 8, 45: Isái. 40. 12—veiread, nó 41. 1-20; coin 10. 1-16,  
nó phil. 2. 1-11.

## an ortá.

**A** D'ia uilecúmaí, a tug dúinn d'aon-  
ghin míc gur glac sé air féin ár nádúr,  
agus gur rugad é i gcothrom an ama seo ó óg  
gan smál; Deonaig dúinn, mar a dtéinead  
sinn inár gclann duit féin atá ar oiliúint  
asat le do grásta, go raib do spiorad naomh  
ár n-athnuachaint gac lá; tríosean ár dtiarna



ÍOSA CRÍOST, A MAIREAS I RÍOCT MARAON LEATSA AGUS LEIS AN SPIORAD CÉANNA, DON-ÓIA ZO DEO, TRÍ SAOL NA SAOL. ÁIMEÁN.

### AN EIPISTIL.

GAL. 4. 1.

**I**S É DEIRIM ANOIS NAC BPUIL DIFRÍOCT AR BIT IOR AN OÍDRE AGUS SEIRBÍSEAC, COM FADA AGUS A BÍONN SÉ INA LEANB, IN AINNEOIN É BEIT INA TIARNA AR AN IOMLÁN; AC IS AMLAÍB A BÍONN SÉ FAOI LUÉT OÍDRE AGUS OILÍUNA, ZO DÚÍ AN T-AM ATÁ AINMNIETE AS AN AÉAIR. AR AN NÓS CÉANNA, BÍOMARNA, COM FADA AGUS BÍOMAR INÁR LEANÁI, FAOI DÁOIRSE AS DÚLA AN DOMAIN: AC NUAIR A BÍ AN T-AM SLÁN, CUIR ÓIA UAIÓ A MÁC, A RUGAÓ Ó BEAN, FAOI DBREIT AN DÚÍ, IONAS ZO BPUASCLAÍÓ SÉ A RAIB FAOIN DÚÍ, ZO DTUGTAÍ ÁIT NA CLAINNE DÚINN. AGUS DE BRÍ ZUR MÍC SIÓSE, TÁ SPIORAD A MÍC CURTA UAIÓ AS ÓIA ISTEAC IN DUN ZCROÍ, AGUS É AS GLAOÓ, ABA, A AÉAIR. MAR SIN DE NÍ SEIRBÍSEAC TÚ FEASTA, AC MAC; AGUS MÁC MAC TÚ, IS OÍDRE AR ÓIA TÚ TRÍ CRÍOST.

### AN SOISCÉAL.

MAT. 1. 18.

**I**S MAR SEO A TÁINIS ÍOSA CRÍOST AR AN SAOL: AR MBEIT DÁ MÁTÁIR MUIRE LUATE LE ÍOSAF, AITNÍÓ, SULAR TÁNGADAR LE CÉILE, ZO RAIB SÍ TORRAC ÓN SPIORAD NAOIM. Ó BA DÚINE FINEANTA É ÍOSAF, A PEAR, AGUS Ó NÁRB ÁIL LEIS A MASLÚ ZO POIBLÍ, BÍ SÉ AR INTINN AIGE A CUR UAIÓ OS ÍSEAL. AC FÉAC, TAIBRÍÓB DÓ

I MBRIONGLÓIB, AGUS É AR NA SMAOINTE SIN, AINGEAL AN TIARNA, AGUS DÚIRT SÉ LEIS, A ÍOSAF, A MÍC DÁIBÍ, NÁ BÍÓB EAGLA ORT DO BEANCÉILE MUIRE A TABAIRT CUN AONTÍS LEAT: ÓIR IS ÓN SPIORAD NAOIM A BPUIL ZAF A MBRIONN AICI. AGUS BÉARPAÍB SÍ MAC, AGUS ZAIRPÍB TÚ ÍOSA MAR AINM DE: ÓIR SLÁNÓIB SÉ A POBAL ÓNA BPEACAÍ. (AGUS RINNEAD SIN UILE, IONAS ZO ZCOMLIONPAÍ A NDÚIRT AN TIARNA TRÍB AN DPAÍB, A RÁ, FÉAC, BEIB MAIGDEAN TORRAC, AGUS BÉARPAÍB SÍ MAC, AGUS ZAIRFEAR EMMANUEL MAR AINM DE, A CIALLAÍOS ZO BPUIL ÓIA LINN.) AGUS IAR NDÚISEAC AS A COTLAÓ DO ÍOSAF, RINNE SÉ MAR ORDAIS AINGEAL AN TIARNA DÓ, AGUS GLAC SÉ CUIGE A BEAN, AGUS NÍOR AITNÍB SÉ I NÓ ZUR RUG SÍ A CÉADGÍN MÍC: AGUS CUG SÉ ÍOSA MAR AINM AIR.

### TIMPEALLGEARRAD CRÍOST.

M. SM. 92, 121: GEN. 17. 1-13, NÓ IOS. 1. 1-9; 1 PEAB. 4. 7—  
DEIREAD, NÓ RÓIM. 8. 1-15.  
T. SM. 81, 90: DEUT. 10. 12-11. 1; RÓIM. 13.

### AN ORTA.

**A** ÓIA UILECUMÁCTAIS, A CUG AR DO MÍAC BEANNAITE BEIT TIMPEALLGEARRTA, AGUS BEIT UMAL DON DÚÍ ATÁ ANN LE HAGAIÓ NA NDADINE; DEONAIS DÚINNE TIMPEALLGEARRAD FÍRINNEAC AN SPIORAD; IONAS ZO RAIB ÁR ZCROÍ AGUS ÁR MBAILL UILE GLAN Ó ZAC AINMIAN SAOLTA CÖLLÁI, AGUS ZO RABAIMÍB UMAL SAN UILE NÍ DO DO CÖIL BEANNAITE; TRÍDSEAN DO MÍAC ÍOSA CRÍOST AR DTIARNA. ÁIMEÁN.



¶ IS Féidir an ORDA seo éíos a ná freisin.

**A** SLÁNAITEOIR an domáin, ar tugadh ÍOSA ORT i gcothrom an lae seo, de réir briatair an aingil; Fuímid tú gealltanais grásmar an Naomh-Ainm sin a comhlionadh dúinn, agus, de do mhórtócaire, do pobal a slánú óna bpeacaí; a maireas i ríocht maraon leis an ádair agus leis an Spiorad Naomh, don-Dia, trí saol na saol. Áiméan.

### an eipistil.

ep. 2. II.

**C**uimnígfí, mar bí sibse san am a cuais tairt in búr n-ghintlíte de thaob na colainne, ó tugtar Neamhtimpeallgearradh oraid leis an orean a dtugtar an Timpeallgearradh orthu, de timpeallgearradh collaí, lámhdéanta; go raib sib san am úr ar vís Críost, in búr n-eactrannais taob amuis de pobal Iosrael, agus in búr scoiméig taob amuis de conartaí an gealltanais, agus go raib sib gan dócas, gan Dia ar an saol. Ac anois in ÍOSA Críost tugadh sib i ngar le fuil Críost a bí roime sin i bpaio i gcéin. Óir is é ár síocáin é, a d'aontais an vís le céile, agus a leas an balla láir a bí eadrainn; a cuir críoc ina colainn féin leis an naimdeas, is é sin le vólí na n-aiteanta ádaithe; ionas go ndéanfaid sé don fear úrnua amáin den vís, agus a rinne síocáin ar an mod sin; agus ionas go n-aontóid sé iad araon do Dia san don colainn ar an gcrois, ghlóim lenar cuir sé an naimdeas cun báis: agus a táimis as seanmóiriú na

síocána daoidse a bí i bpaio i gcéin, agus dá raib i ngar. Óir is tríosean leis an don-Spiorad a bíonn ceo agáinn dul istead cun an ádair.

### an soiscéal.

nm. Lúcas 2. 15.

**A**SGUS éarla, nuair a d'imis na haingil uacht ar neamh, go ndúirt na haoirí le céile, Téimis anonn go Betlehem, go bpeicimid an ní seo a éarla, agus a d'fógair an Tiarna dúinn. Agus tángadair go veifread, agus fuadradair Muire agus Íosaf, agus an leand ina luí i mainsear. Agus arna feiceáil sin doib, d'insíodar a ndúrad leo i dtaob an linb sin. Agus níl duine dár éuala é nac raib ionad air faoi ar inis na haoirí do. Ac coimead Muire na nite sin go hiomlán, as macham orthu ina croí istig. Agus d'fíll na haoirí, agus iad as glóiriú agus as molaó Dé mar geall ar an éuladair agus a bpaio, de réir mar a dúrad leo. Agus nuair a bí na hoct laetanta slán cun an leand a timpeallgearradh, tugadh ÍOSA mar ainm air, an t-ainm a tug an t-aingel air sular gabadh é i mbroinn.

na laetanta roir an timpeallgearradh  
agus an taispeánadh.

### an ORDA.

**A** DÍA Uilecumáctais, a doirt anuas orainn solas úrnua do briatair incollaithe; Deonais go lastar an solas céanna inár



scróí, agus go lonraí sé amac inár mbeata;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### an eipistil.

1 mth. eoin 4. 9.

**I**s mar seo a nochtadh an grá atá ag Dia dúinn,  
de bhí gur cuir Dia a Dongin Mhic isteach  
sa saol, ionas go mairimis tríd. Is é is  
grá ann, ní hé gur tugamarna grá do 'Dia,  
ac gur tug seisean grá dúinn, agus gur cuir  
uair do Mac le beith ina iobairt réitithe ar  
son ár bpeacaí. A dhaoine mo grá, más ní  
é gur tug Dia a samail de grá dúinne, ba  
ceart dúinne grá a tabairt dá céile. Ní  
faca don duine Dia in am ar bith. Má bíonn  
grá againn dá céile, cónaíonn Dia ionainn,  
agus cuirtear a grá i scríbh ionainn. Is mar  
seo a aithnímid go gcónaímid ann, agus eisean  
ionainn, de bhí gur tug sé cuid dá Spiorad  
dúinn. Agus cónaiceamar agus tugaimid  
fianaise gur cuir an tAitair an Mac uair le  
beith ina Slánaiteoir ag an domán. Cibé  
duine a domáios gur Mac Dé é Íosa, cónaíonn  
Dia ann, agus eisean i nDia. Agus d'aithníomar  
agus creideamar an grá atá ag Dia dúinn.  
Is grá Dia; agus an té a cónaíos i ngrá  
cónaíonn sé i nDia, agus Dia ann.

### an soiscéal.

mth. eoin 1. 14.

**R**inneadh colainn den bhríadar, agus  
cónaigh sé eadainn (agus cónaiceamar a  
glóir, mar glóir dongine an Aitair), lán de

grásta agus d'fírinne. Tug Eoin fianaise ina  
taobh, agus glaoigh sé, á rá, is é seo an té  
a ndúirt mé ina taobh, an té atá ag teacht  
i mo dhiaid cuirtear romam é: óir bí sé ann  
romam. Agus glacamar uile eugainn as a  
líonmáireacht, agus grásta ar grásta. Óir is  
trí Maois a tugadh an dlí, ac táinig an grásta  
agus an fírinne trí Íosa Críost. Ní faca don  
duine Dia in am ar bith; an t-Dongin Mhic, a  
bíod in ucht an Aitair, is é a d'fóillsigh é.

### an taispeáint, nó nochtadh Críost do na sinithe.

m. Sm. 72: Isái. 60; Lúcas 3. 15-22.  
t. Sm. 46, 47: Isái. 61; eoin 2. 1-11.

### an orda.

**A** 'Dia, a rinne eolas le réalt ag nochtadh  
d' Dongin Mhic do na sinithe; Deonais go  
trócaireach dúinne, d'arb aithníd anois trí  
creideamh tú, go mbí tar éis na beata seo do  
d'iasacht glórmhar againn mar lón; trí Íosa  
Críost ár dTiarna. Áiméan.

### an eipistil.

eip. 3. 1.

**A**R an ábar sin atáimse, póil, atá i mo  
priosúnach ag Íosa Críost ar bur son  
atá in bur nSinithe; más ní é gur cuala sib  
trácht ar comhréir grásta Dé, a taobhadh liomsa  
faoi bur gcomhair: Conas a tug sé le taispeánadh



fios feasa an diámar-rúin dom (mar scríob mé roimhe i mbeagán focal, as a mbainfidh sib, nuair a léifeas sib iad, tuiscint ar an eolas a fuair mé ar diámar-rún Críost) eolas nár tugadh in doiseanna eile do clann na ndaoine, mar nochtar anois dá áspail agus dá fáite naopa trío an Spiorad é; go mbeadh na Sinteilte ina gcomhoibrí air, agus ina gcomcorp leis, agus compáirteadh inar geall sé i gCríost, trío an Soiscéal: agus a rinneadh ministir diomsa don Soiscéal céanna sin, de réir tíolacta grása Dé a bhronn oibriú éiríochta a cumadta orm. Níl naomh aige dá íseacht nac isle mé ná é, ac tugadh domsa an grásta sin, go mbeinnse ag seanmóiríú i measc na Sinteilte saibreas dothomáiste Críost; agus go dtabharfaim ar na daoine uile a feiceáil cad é an ní é comcumann an diámar-rúin, a bí foláite ó tosach an domáin i nDia, a cruthaigh a bfuil ann trí Íosa Críost; o'pionn go dtugtaí trío an Eaglais do lucht ceannais agus cumadta spéarta neimhe fios feasa ileagna Dé, de réir na rúncomhairle síoraí a bí mar rún aige in Íosa Críost ar oTiarna: trína bpaigimí misneach agus muinín le dul isteach ac creideamh a beit agáinn ann.

### AN SOISCÉAL.

nm. matá 2. 1.

**N**UAIR a rugadh Íosa i mBethlehem Iúdaea, i laetanta an rí Iorua, péach, táinig draoite ón domán toir go Iharúsalem, á rá,

Cá bfuil an té a rugadh ina rí ar na Sínóid? Óir conaiceamar a réalta sa domán toir, agus tángamar á adrad. Nuair a cuala an rí Iorua sin, táinig buaiream airsean, agus ar Iharúsalem uile. Agus cruinnigh sé uachtaráin na sagart agus scríobaithe an pobail, agus o'fiapraig sé díob cá mbearaí an Críost. Agus dúradarsan leis, i mBethlehem Iúdaea: óir is mar sin atá scríofa ag an bPáir, agus tusa, a Bethlenem, i dtír Iúda, ní tusa is lú ar ceannpoirt Iúda, óir is asat a tiocfas an Taoiseach, a déanfas mo pobal Iosrael a rialú. Ansin glaoigh Iorua na draoite cuise os íseal, agus o'fiapraig sé go cruinn cé an t-am ar nocht an réalta díob. Agus cuir sé go Bethlenem iad, agus dúirt sé, Imigh, agus cuardaigh go dícheallach an leanb; agus nuair a geobas sib é, tugaidh scéal ar ais chugamsa, go dtaga mé fós agus go n-adra mé é. Arna cluinstit sin díob ón rí, o'imíodar; agus péach, an réalta a conaiceadar sa domán toir, gluais sí rompu, gur táinig sí ina stad os cionn na háite ina raib an leanb. Nuair a conaiceadar an réalta, táinig lúcháir mór orthu. Agus cuadar isteach sa teach, agus fuairadar an leanb i bpochair a mátar Muire, agus sléachadar agus o'adradar é: agus ag oscailt a dtaisce díob, tugadar bronntanais dó; ór, agus túis, agus miorr. Ansin tugadh rabadh díob i mbroinglóir gan filladh ar Iorua, agus cuadar bótar eile ar ais cun a dtíre féin.

¶ Déanfar an Orda, an Eipistil, agus an Soiscéal céanna cúis saé lá ina díar sin go dtí an céad doinnach eile.



## an céad domhnac tar éis na taispeána.

m. sm. 96, 97, 117: ísá. 44. 6-23, nó mal. 1. 6-11; eom 1. 19-34, nó eip. 2.  
t. sm. 87, 91: ísá. 45. 1-17, nó 48; eom 4. 1-42, nó col. 1. 21-2. 7.

### an orta.

**A** TIARNA, iarraimid ort glacadh go trócaireac le hacainíoca do pobail atá ag glaoch ort; agus deonais doibh aithne agus eolas ar cad é ba chóir dóibh a déanamh, agus grásta agus cumácht cun a déanta; trí íosa críost ár dtiarna. Áiméan.

### an eipistil.

Róm. 12. 1.

**I**ARRAIM oraib mar sin, a bráithre, as ucht trócaire Dé, go dtoirbri sib bur gcoirp mar iobairt deo naofa, arb fiú do Dia glacadh léi, mar seirbís réasúnta uai. Agus ná géilligí do éil an tsaoil seo: ac cuirtear atéil oraib trí nuacrut bur n-intinne, ionas go bpíosraí sib cad í toil fóna ion-gha fíréanta úd Dé. Óir deirim, trí an ngrásta a tugadh dom, le gach duine agaib, gan meas iomarca a beic aige air féin, ac meas measaí, de réir mar riad Dia tomas an creidimh do gach duine. Óir de réir mar bíonn mórcuid ball againn san aon corp amáin, agus nac ionann oibriú d'aon dá ball acu: mar an gcéanna bíonn an mórán againne inár n-aon corp amáin i gCríost, agus gach duine againn ina ball dá céile.

## an soiscéal.

nm. Lúcas 2. 41.

**A** SUS do téadh a dtair agus a máthair suas go hIarúsalem gach bliain le linn féile na Cásca. Agus nuair a bí sé dá bliain déas d'aois, cuadar suas go hIarúsalem mar ba gnách, aimsir na féile. Agus nuair a bí na laetanta caite acu, agus iad ag filladh, d'fhan an ghasúr íosa in Iarúsalem; agus ní raib a fíos sin ag lósaf ná ag a máthair. Ac measadar gur sa cuideacta a bí sé, agus rinneadar aistear lae; agus bíodar á lorg i measc a n-gholta agus a luict aitheantais: agus nuair nac bfuairteadar é, d'filleadar go hIarúsalem, á lorg. Agus tarla, tar éis trí lá, go bfuairteadar sa teampall é, ina suí i measc na n-ollúna, ag éistead leo agus ag cur ceisteanna orthu. Agus bí ionad ar a raib ag éistead leis faoina tuiscint agus faoina freagraí. Agus nuair a conaicteadar é, bí ionad orthu: agus dúirt a máthair leis, a mhic, cad cuige duit é seo a déanamh orainn? Féac, bí d'atair agus mise ar do lorg agus brón orainn. Agus dúirt seisean leo, Cad cuige a raib sib ar mo lorgsa? Nac raib a fíos agaib go gcaitfinn gnóca m'atair a déanamh? Agus níon cuigeadar an focal adúirt sé leo. Agus cuais sé síos leo, agus táinig sé go nasair, agus bí sé umál dóib: ac coimeád a máthair na briathra sin uile ina croí. Agus is amhlaid bí íosa, ag méadó eagna agus aird, agus ghaol os comair Dé agus daoine.



AN DARA DOMHNAÍ TAR ÉIS NA  
TAISPEÁNA.

m. Sm. 36, 68. 1-20: Ísáí. 49. 1-13, nó Seac. 9. 9-16; Lúcas 4. 16-30, nó Séamas 1. 1-21.  
t. Sm. 27, 68. 24-35: Ísáí. 49. 14-veiread. nó 50. 4-10; Eoin 12. 20-43, nó 1 Teasal. 1. 1-2. 12.

## AN ORDA.

**A** DIA uilecúmaócaíḡ síormarctanaíḡ, a rialaíos ḡac ní ar neamh agus ar talamh; éist ḡo trócairead le hacainíoca do pobail, agus tabair do síocáin dúinn ar fead ár saoil agus ár laetanta; trí íosa Críost ar otiarna. Áiméan.

## an eipistil.

Róm. 12. 6.

**O** bhíonn mar sin aetac tíolaici agáinn de réir an ḡrásta a tugad dúinn, más fáidheadóiread, bímis ag fáidheadóiread de réir tomais an éireoinh; nó más mineastrálad i, tugaimis aire don mineastrálad; nó an té a bíos ag teagasc, do teagasc; nó an té a bíos ag tabairt misniḡ do dhaoine, bíod a aire ar tabairt misniḡ: an té a bíos bronntad, déanad sé ḡo dea-éiroic é; an té a bíos i ḡceannas, bíod sé díceallad faoi; an té a déanas trócaire, déanad sé ḡo soilbir i. Bíod an ḡrá gan ceilḡ. Tugaiḡ fuad don oic; cloiḡ leis an maic. Bíod ḡnaoi agus ḡrá bráitriúil agaiḡ dá céile; ag tabairt tús onóra dá céile; ḡo ḡnócad neampalsa; ḡo faobrad i sprit; ag déanamh seirbise don

tiarna; ḡo mba é an dócas bur n-doiḡneas; bíḡí foisnead ag fulaingt buarta; ag síor-ḡuí ḡo dian; ag roinnt le riactanas na naomh; ḡo fial fáiltead le haíonna. Beannaíḡi luét bur nḡearleanúna; beannaíḡi, agus ná mallaiḡi. Bíod lúcair oraiḡ le luét na lúcaire, agus caoiniḡi le luét an caointe. Ná déanaíḡi leitceal ar aon duine. Ná bíod aon éirí in aird oraiḡ, ac íslíḡi anuas cuis na hísle.

## AN SOISCÉAL.

nm. com 2. 1.

**A** SUS an treas lá ina d'iair sin bí bainis i ḡcána na ḡaililé; agus bí mátair íosa ann: agus fuair íosa agus a deisceabail cuiread cun na bainise. Agus nuair a d'éiríḡ an fíon ḡann, dúirt mátair íosa leis, Níl fíon acu. Dúirt íosa léi, Cao é sin domsa nó duitse, a bean? Níor tániḡ m'uairse ḡo fóill. Deir a mátair leis na seirbisiḡ, Cibé ruo aoir sé lib, déanaíḡi é. Agus bí sé soiḡiḡ cloice ann, a cuiread ann de réir reacta ḡlantóireadta na nḡiúad, agus lán a do nó a trí d'feircíní i nḡac soiḡeac díob. Dúirt íosa leo, líonaíḡi na soiḡiḡ d'uisce. Agus líonad ar ḡo béal iad. Agus dúirt sé leo, Taoscaíḡi anois, agus beiríḡi cun uactaráin na fleá é. Agus rugad ar. Nuair a blais uactarán na fleá an t-uisce ina fíon, agus ḡan a fíos aise cao as é (ac bí a fíos ag na seirbisiḡ a tarrainḡ an t-uisce), ḡlaoiḡ



uaéctarán na fleá ar an bpearr nuapósta, agus veir sé leis, Cuireann gac uile duine an fion maié ar boro ar dtús, agus nuair bíos cuir maié ólta as na daoine, an fion is measa: ac coimeádo tusa an fion maié go dtí anois. Is mar sin a cuir íosa tús ar a comarctáí i gcána na Sairilé, agus o'fóilsis sé a glóir; agus creio a deisceabail ann.

### AN TREAS DOIMNAC TAR ÉIS NA TAISPEÁNA.

m. sm. 42. 43: hós. 4. 1-10, nó 11. 1-12. 6; eoin 2, nó séamas 2. 1-17.  
c. sm. 33: hós. 14, nó ióel 2. 12-27; eoin 6. 22-40, nó gal. 1.

#### AN ORTA.

**A** OIA uilecumáctais síormarctanais, féac go trócaireac ar laise ár mbri, agus cibé gá nó géibean a tiocfaid orainn sin amac do lám deas dár gcumtad agus dár gcosaint; trí íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

#### AN EPISTIL.

Róm. 12. 16.

**N**á bígí glie in bur síle féin. Ná tugaisí d'aon duine an t-olc in aghaid an oile. Déanaisí fiúntas os comhair an tsaoil. Más féidir lib é, an méir atá ionaid, bígí síocánta le cad. A daoine mo ghrá, ná bainisí amac díoltas daoib féin, ac ligisí leis an bpearrg é:

óir tá sé scríopa, is liomsa an díoltas; is mé a cúiteos, a veir an Tiarna. Dá b'ri sin, má bíonn ocras ar do namair, tabair bia dó; má bíonn tarr air, tabair ruo dó le n-ól: óir má déanann tú amlaid beid tú as carnad gríosais i mulla a cinn. Ná ligisí an bua leis an olc, ac beir bua ar an olc leis an maié.

### AN SOISCÉAL.

nín. maéa 8. 1.

**N**UAIR a táinig sé anuas den slaid, lean sluaite móra é. Agus féac, táinig lobar cuise agus sléact sé, á rá, a Tiarna, más áil leat é, is féidir leat mise a glanad. Agus sín íosa amac a lám, agus cuir sé air í, á rá, is áil liom é; glantar tú. Agus ar an látair glanad é ón lobra. Agus dúirt íosa leis, Tabair aire gan a insint d'aon neac; ac imis, taispeáin tú féin don sagart, agus déan an íobairt a d'ordaisí Maois, mar fianaise doib. Agus tar éis d'íosa dul istead i gCaparnaum, táinig ceantúir cuise, as cur acainí air, á rá, a Tiarna, tá mo seirbiseac ina lui sa teac agus an galar creatac air, agus é faoi pianpáis mór. Agus dúirt íosa leis, Tiocfaid mé agus leigheasfaid mé é. Agus d'freadair an ceantúir agus adúirt, a Tiarna, ní fiú mé go dtiocfaid faoi mo díon: ac ná habair ac an focal agus beid mo seirbiseac slán. Óir is fear mise atá faoi ceannas, agus tá saighdiúirí fúm féin: agus veirim leis an bpearr seo, imis, agus



imíonn sé; agus le fear eile, Tar, agus tagann sé, agus le mo sheirbhiseac, Déan seo, agus déanann sé é. Nuair a éala íosa sin, bí ionaó air, agus dúirt sé lena raib á leanúint, go fírinneac docirim lib, a leiteir sin de creideam ní bfuair mé in Iosrael féin. Agus veirim lib go dtiocfaid a lán as an domhan toir agus as an domhan tiar, agus go suipid siad i bpoctair abracaim, agus Isáic, agus Iácoib, i rioct neime. Ac teitfear clann na riocta amac sa doirdas atá amuis: is ann a beas sol agus gioscán fiacal. Agus dúirt íosa leis an gceantúir, Imis romat; de réir mar a creid tú, go ndéantar duit. Agus leigeadó a sheirbhiseac ar an uair céanna sin.

### an ceathrú domhnac tar éis na taispeána.

m. Sm. 66, 67: Amos 3, nó Ióel 3. 9-17; Eoin 3. 22-veinead, nó Séamas 3.

t. Sm. 34: Amos 4. 4-veinead, nó 5. 1-24; Eoin 6. 41-veinead, nó 1 Cor. 1. 1-25.

### an orda.

**A** Dá, ós eol duit méir agus troime na gceantúirt bíos inár dtimpeall, ar mhó nacligeann anbhainne ár nádúir dúinn fanact inár gceartseasam i gcónaí; Deonais dúinn cumact agus cosaint beas ag neartú linn i nglac cruacás, agus dár dtabairt slán as glac catú; trí íosa Críost ár dtiarna. Áiméan.

### an eipistol.

Róm. 13. 1.

**U**mlaioð glac anam beo do luict céime agus cumacta: óir ní bíonn cumact ann nacl bfuil ó Dia; is é Dia a d'ordais na cumacta atá ann. An té a cuireas in agaid na cumacta, is in agaid Dé a cuireas sé: agus an dream a cuireas ina agaid geobaid siad an breitiúnas atá ag teact cucu. Óir ní do dea-ghníomarta ac do d'roegníomarta a bíos an luict ceannais ina n-ábar eagla. An mian leat mar sin beic go neameaglac roim an údarás? Déan an maic, agus geobaid tú molaó uaid: óir is ministir Dé duit é cun do leasa. Ac má bíonn an t-olc á déanam agat, bíod eagla ort; óir ní in aisce iomparas sé an claiom: óir is é ministir Dé é, díogaltóir cuireas fearg Dé i ngníom ar an té bíos ag déanam an oilc. Dá bfi sin is eigeann daoib beic umal do, ní amáin ar eagla a feirge, ac mar maic le do coinsias. Is ar an ábar sin pós a díolann sib ard-cíos; óir is iad ministir Dé iad, a mbíonn an cúram sin ortu. Tugaisí mar sin a gceart do clac: cíos don té dar ceart cíos; cáin don té a cruinníos cáin; eagla don té a cuileas eagla; onóir don té a bíos ina díol onóra.

### an soiscéal.

ím. maia 8. 23.

**A** SUS nuair a cuais sé istead i long, lean a deisceabail é. Agus féac, d'éirig stoirm mór ar an bfarraige, i dtreo go raib



an long á múcað faoi na tonnta: ac bí seisean ina coolað. Agus táinig a dheisceabail cuige, agus dúisíodar é, á rá, á tiarna, póir orainn, táimio i gcontúirt báis. Agus dúirt seisean leo, Cao cuige a bfuil eagla oraid, a luct an creidimh bhis? D'éirigh sé ansin, agus bagair sé ar na gaotha agus ar an bparráige; agus bí ciúnas mór ann. Ac bí eagla an-mór ar na daoine, agus dúradar, Cén cineál duine é seo a n-umlaíonn na gaotha agus an parráige féin do? Agus nuair a táinig sé don taob eile, istead i dtír na n-geirgisíneac, casað air beirt ina raib deamain, agus iad as teacht amac as na tuamaí, agus iad an-íocmar, i dtreo nárb féidir le duine ar bít gabáil an tslí sin. Agus féac, glaothar go haro agus dúradar, Cao cuige a bfuil tú dúinn, a íosa, a Míic Dé? An dár gciapað roimh an aimsir a táinig tú anseo? Is amlaio bí tréad mór muc as posaíocht i bpað uachtu. Agus d'iarr na deamain d'acainí air, á rá, Má caiteann tú amac sinn, lig dúinn dul istead i dtreád na muc. Agus dúirt seisean leo, Imigí. Agus táinig siad amac, agus cuais siad istead i dtreád na muc: agus féac, rit an tréad uile le fána síos istead sa bparráige, agus báð san uisce iad. Agus teit na tréadaite, agus cuadar istead sa cáthair, agus d'insíodar gac don ruo, agus i dtaob ar éirigh do na fir ina raib na deamain. Agus féac, táinig muinntir na cathraí go léir amac faoi coinne íosa: agus nuair a conaiceadur é, d'iarradar d'acainí air imeacht as a n-úice.

## AN CÚIGIÚ DOIMNAC TAR ÉIS NA TAISPEÁNA.

m. Sm. 99, 111, 112: Amos 7, nó Dan. 9. 1-19; eoin 4. 43-veiread; nó Séamas 4.

c. Sm. 18: Amos 8. 1-12, nó 9; eoin 7. 14-36, nó 1 cor. 1. 26-2 veiread.

### AN ORTA.

